Cabhróidh do chuid tuairimí faoin bpáipéar seo le beartas 10 mbliana a mhúnlú, ar beartas é a chinnteoidh go gcuirfidh ár gcultúr le saol níos fearr agus níos inbhuanaithe do chách amach anseo. De réir mar a ullmhaímid le haghaidh chuimhneacháin Éire 2016, beimid ag tabhairt faoi phróiseas náisiúnta um an am atá thart a chuimhneamh agus machnamh ar an saol atá romhainn. Cuid dhílis de smaointe na ndaoine sin a d'fhéach le tír ní b'fhéarr a dhéanamh d'Éirinn 100 bliain ó shin ba ea an athbheochan cultúir. Is tráthúil anois áit an chultúir in Éirinn a bhreithniú de réir mar a ullmhaímid don 100 bliain romhainn.

Heather Humphreys, TD  
An tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

# Réamhrá

---

Rochtain ar an gcultúr, lena n-áirítear na healaíona, an scannánaíocht agus an ceol, i dteannta oidhreacht, thraidisiúin agus theanga shaibhir na hÉireann, cuireann sí lenár bhfolláine agus caomhnaíonn sí ár mbraistint láidir féiniúlachta náisiúnta. Chomh maith leis sin, cuireann na healaíona, an oidhreacht chultúrtha agus tionscail chruthaitheachta go mór lenár ngeilleagar agus le poist a chothú agus a chruthú.

Is ar roinnt mhaith bealaí, lena n-áirítear trí shláinte agus fholláine daoine, a shaibhrítear an tsochaí leis na foirmeacha go léir de rannpháirtíocht sa chultúr. Is beoga atá rannpháirtíocht an phobail i ngníomhaíocht chultúrtha na hÉireann. Mar sin féin, d'fhéadfaí an rannpháirtíocht sin a dhóimhniú tuilleadh dá neartófaí ról an chultúir inár spriocanna sochaíocha náisiúnta. Ina theannta sin, is féidir léi cabhrú le freastal ar na daoine sin atá scoite amach nó a bhfuil spéis cailte acu. Is féidir le tuilleadh saibhreas cultúir agus tuilleadh rannpháirtíochta sa chultúr Éire níos fearr a chruthú.

D'ardaigh an ghéarchéim gheilleagraich in Éirinn ceisteanna faoi chaillteanas na tuisceana ar luachanna sochaíocha leathana a gcuimsíonn iarrachtaí ealaíonta agus cultúrtha iad. De bhreis ar an tionchar ar an bhféinmhuinín náisiúnta, d'imir an ghéarchéim fíorthionchar freisin ar an tacaíocht a bhí an Rialtas ábalta a chur ar fáil don earnáil cultúir. Cé gur dúshlán a bhí sa laghdú ar acmhainní, ba ar bhealaí cruthaitheacha samhlaíocha a d'fhreagraíodh an earnáil chultúir don angar sin go minic. Beidh fiúntas ag roinnt de na ceachtanna a foghlaimíodh le roinnt blianta anuas de réir mar a théimid isteach i dtréimhse téarnaimh gheilleagraigh.

Agus breithniú á dhéanamh againn ar thairiscint dhomhanda na hÉireann ó thaobh an chultúir de, ní mór dúinn bheith aireach ar conas a d'athraigh an domhandú agus an digitiú an dóigh a mbímid ag caidreamh le chéile agus ar an tionchar atá imeartha aige sin ar ár gcultúr.

Rud atá ag éirí níos ábhartha is ea an díospóireacht ar bheartas cultúir san Eoraip agus ar an soláthar seirbhísí cultúir, go háirithe sa ré dhigiteach. Agus í freagrach as 3.3% den olltáirgeacht intíre (OTI) agus as 6.7 milliún post ar fud na hEorpa (foinse: [Teachtairacht 537 ó Choimisiún an AE \(2012\)](#)), meastar an earnáil cultúir agus cruthaitheachta a bheith ina sócmhainn bhunriachtanach le haghaidh na mór-roinne i ngeilleagar domhanda atá bunaithe ar an nuálaíocht agus ar chruthú. Tá tuairim ag teacht aníos gur gá don Aontas Eorpach beartas foriomlán cultúir a fhorbairt chun na tionscail chultúir agus chruthaitheachta a chothú (foinse: [Teachtairacht 477 ó Choimisiún an AE \(2014\)](#)).

Agus Beartas Cultúir Náisiúnta - *Cultúr 2025* - á fhorbairt againn, ba cheart dúinn aird a thabhairt ar na dearccháí sin atá leithleach agus gaolmhar - is iad sin, ról an chultúir inár saol a shaibhriú in Éirinn atá níos inbhuanaithe agus an ról ar leith agus níos dírithe ar an ngeilleagar a fhéadann seirbhísí cultúir a imirt chun slite beatha a chruthú i bhfórsa oibre níos éagsúla.



# Aidhmeanna *Cultúr 2025*

---

Cabhróidh an próiseas comhairliúcháin phoiblí le cuspóirí deiridh *Cultúr 2025* a mhúnlú. Chun eolas a dhéanamh don díospóireacht, tá sraith fhéideartha aidhmeanna le cur san áireamh sa bheartas deiridh leagtha amach thíos.

Is é aidhm *Cultúr 2025* ná fíis shoiléir agus bonn láidir a chur ar fáil le haghaidh bheogacht, fhorbairt agus inmharthanacht leantach an chultúir Éireannaigh idir an bhliain 2016 agus an bhliain 2025. Cuirfear creat beartais le haghaidh earnála ina bhfuil éagsúlacht ollmhór ar fáil ann, ar earnáil í lena bhfuil baint ag daoine aonair agus ag eagraíochtaí ón earnáil phoiblí, ón earnáil phríobháideach agus ón earnáil rialtais. Glacann gach ceann díobh páirt, ar bhealaí éagsúla, i dtáirgí cultúir, i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus i seirbhísí cultúir, ar n-oidhreacht inláimhsithe agus ar n-oidhreacht dholáimhsithe san áireamh, a chruthú, a léiriú, a mhaoiniú, a chur i láthair, a chur in iúl, a chur chun cinn, a dháileadh agus a chaomhnú agus déanann siad amhlaidh agus iad ag buntacú le gach a sainimid a bheith luachmhar ó thaobh an chultúir de don Stát.

Féachfar le *Cultúr 2025* cur ar fáil a dhéanamh ar bhonn cultúir sa tsochaí atá láidir agus uilechuimsitheach agus ar aitheantas go gcruthaíonn an cultúr luach sochaíoch inláimhsithe, go gcuireann sé folláine chun cinn agus go soláthraíonn sé tionchar geilleagrach dearfach atá díreach agus indíreach. Féachfar le *Cultúr 2025* freisin rannpháirtíocht na ndaoine aonair agus na bpobal ó gach cearn d'Éirinn a mhéadú, iad sin sna réigiúin san áireamh.

Áireofar leis an mbeartas fíis don chultúr a fhorbairt agus a chur ar aghaidh agus don phróiseas cruthaitheach ina bhfoirmeacha uile a chur ar aghaidh. Féachfar leis an mbeartas mar dhoiciméad ardleibhéil an creat a shocrú le haghaidh aon straitéisí agus aon phleananna i réimsí sonracha ina dhiaidh sin agus a bheith solúbtha go leor go bhféadfar foirmeacha nua aschur cultúrtha, bíodh siad digiteach nó i bhfoirm eile, a chuimsiú leis.

Tabharfar aitheantas in *Cultúr 2025* ar an ról bunúsach a imríonn an cultúr i ngach gníomhaíocht de chuid an Rialtais agus féachfar leis feasacht a mhéadú i ngach Roinn Rialtais, i ngach gníomhaireacht agus i ngach údarás áitiúil ar an ról a imríonn an cultúr ina gcuid oibre agus, dá réir sin, ar an tionchar a fhéadann a bheith ag a gcuid oibre ar an timpeallacht chultúrtha agus ar an mbonneagar cultúrtha.

Féachfar le *Cultúr 2025* samhlacha rialachais a chothú lena n-éascófar saoirse ealaíne agus lena dtabharfar aird uirthi, agus maoirseacht chuí ar chaitheamh airgead na gcáiníocóirí agus cuntasacht chuí as an gcaitheamh sin á gcinntiú ag an am céanna.

Féachfar le *Cultúr 2025* ardán a chur ar fáil le haghaidh an iomad aonán áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta cultúir a thabhairt le chéile d'fhonn an dea-chleachtas a chomhroinnt agus sineirgí idir na líonraí sin agus istigh iontu a fhorbairt agus a fheabhsú. Féachfar le *Cultúr 2025* meicníocht a chur ar fáil le haghaidh cumarsáid mhéadaithe agus comhoibriú méadaithe idir na geallsealbhóirí cultúir go léir d'fhonn cineálacha cuir chuige choitinn chomhthairbhígh a fhorbairt maidir leis an gcultúr nuair is féidir agus is indéanta.

Féachfar le *Cultúr 2025* a chinntiú gur daingean a bheidh an infheistíocht phoiblí le haghaidh ár n-oidhreacht chultúrtha shuibhir a chosaint agus a chur chun cinn agus go n-aimseofar foinsí nua infheistíochta. Aithneofar ann gur cheart béim láidir a leagan ar an gcinnteoireacht bunaithe ar fhianaise. Ba cheart tosaíocht a bheith i mbonn fianaise eolasach a fhorbairt in Éirinn le haghaidh infheistíocht amach anseo.

Ba cheart gurbh é an toradh a bheadh ar gach ceann de na gnéithe sin ná timpeallacht ina measfaí tuilleadh gur cuid dhílis den tsochaí iad an ghníomhaíocht chultúrtha agus an t-aschur cultúrtha, ina mbeadh luach dúchasach acu, ina dtacódh taighde bunaithe ar fhianaise leo agus ina maoineofaí go cuí iad, ina mbeadh líonra ceangailte dlúth agus ina mbeadh bonneagar idirnasctha. Is é an aidhm ná earnáil cultúir bheoga atá uilechuimsitheach a chruthú trí spriocanna straitéiseacha atá sainithe go soiléir agus trí thuiscint ar a hidirghníomhaíocht leis an Rialtas. Ba cheart méadú a dhéanamh ar an rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus ar an rochtain orthu a bheadh ag gach cuid den tsochaí agus ba cheart don earnáil cultúir, dá réir sin, riachtanais ár sochaí a léiriú agus freagairt dóibh. Ba cheart dár leanaí agus dár ndaoine óga go háirithe rochtain a bheith acu ar an gcultúr mar chuid dá n-oideachas agus dá bhforbairt.



## Plé Náisiúnta

---

Is é is aidhm don phlépháipéar seo an plé a shocrú le haghaidh *Cultúr 2025* a chur le chéile. Is é an aidhm ná díospóireacht náisiúnta a chruthú ar ról an chultúir in Éirinn ilchultúrtha nua-aimseartha agus ar na bearta ba cheart a dhéanamh chun é a chothú agus a fhorbairt. Tabharfaidh an próiseas comhairliúcháin seo eolas agus tacaíocht don chéad Bheartas Cultúir Náisiúnta riamh - is é sin, *Cultúr 2025* - ina gcuirfear in iúl go soiléir an ról tábhachtach a bhíonn ag an gcultúr sa tír seo agus ina leagfar treochlár amach le haghaidh na nithe is mian linn a bhaint amach san earnáil cultúir sna 10 mbliana romhainn go dtí an bhliain 2025.

Is ann do roinnt mhaith ábhar ba cheart a phlé mar chuid de dhíospóireacht náisiúnta ar an mbeartas cultúir. Is é cuspóir an pháipéir seo ná an plé sin a spreagadh agus tá roinnt de na saincheisteanna ábhartha leagtha amach thíos.

### Socruithe forais (rialachas agus reachtaíocht)

Ní mór do mhúsaeim, do ghailearaithe, d'fhorais chultúir agus do dhaoine a oibríonn san earnáil cultúir oibriú i dtimpeallacht ina bhfuil neamhspleáchas ealaíonta agus coimeádaíochta. Bainfidh earnáil cultúir rathúil an-leas as an neamhspleáchas sin. Mar sin féin, braitheann an earnáil sin ar an Rialtas le haghaidh maoiniú, fothacaí reachtaíochta agus struchtúir thacúla riaracháin a chur ar fáil. Ní mór don earnáil déileáil le beartas poiblí, i gcomhpháirt leis an Rialtas, le go n-éiríonn léi. Caitheadh an-chuid fuinnimh le blianta beaga anuas chun freagairt don tionchar atá imeartha ag ciorruithe suntasacha san earnáil ealaíon, san earnáil oidhreachta agus san earnáil cultúir mar thoradh ar an gcliseadh geilleagrach. Laghdaigh lear eagraíochtaí cultúir a gcostais agus mhéadaigh siad éifeachtúlacht sa soláthar seirbhísí. Tá brú chun cinn déanta ag an Rialtas ar struchtúir rialachais ar fud na seirbhíse poiblí freisin.

- C.** Ar cheart aghaidh a thabhairt in *Cultúr 2025* ar an ailtireacht forais lena soláthraítear seirbhísí cultúir earnála poiblí? Dá mba cheart, conas ba cheart déileáil leis an tsraith saincheisteanna sin sa phlépháipéar?

## Maoiniú agus acmhainní

Tháinig laghdú suntasach ar leibhéal an mhaoinithe lárnaigh agus an mhaoinithe údaráis áitiúil don earnáil cultúir ó thús na géarchéime geilleagraí i leith. Cé go bhfuil an geilleagar ag leanúint ar aghaidh ag téarnamh, beidh sé ina dhúshlán fós an maoiniú don earnáil cultúir a thabhairt ar ais go dtí na leibhéil mhaoinithe a bhí ann in 2008. Is gá gurb é atá san aidhm fhoriomlán ná a chinntiú gur ar bhonn dlúth a bheidh an maoiniú ionas go mbeidh an cumas ag an earnáil ár gcultúr saibhir agus ár n-oidhreacht shaibhir a chosaint agus a hacmhainneacht i leith na sochaí agus an gheilleagair á huasmhéadú ag an am céanna. Ba cheart a thabhairt faoi deara, ar ndóigh, go mbíonn an earnáil ag brath freisin ar thacaíocht tráchtála le haghaidh an-chuid dá gníomhaíocht agus, mar an gcéanna, ní mór di déileáil le hidirghníomhuithe le fórsaí áitiúla agus domhanda tráchtála.

- C. Conas is féidir linn an leas is mó a bhaint as acmhainní ganna?
- C. An leor na struchtúir agus na samhla maoiniúcháin reatha ag an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal áitiúil araon chun freastal ar riachtanais na hearnála amach anseo?
- C. An ann do shamhla malartacha maoiniúcháin nó tacaíochta ar cheart tabhairt fúthu? Más ann, conas ba cheart tabhairt fúthu?

## Soláthar bonneagair

Ó thús na mílaoise nua go dtí an bhliain 2008, leithdháileadh breis agus €100m i ndeontais chaipitil ar an earnáil cultúir. Ba é sin ba chúis le méadú mór ar líon agus cháilíocht na bhfoirgneamh cultúir agus na saoráidí cultúir sa Stát. Mar chuid de na laghduithe ginearálta ar an gcaiteachas poiblí, ciorraíodh an leithdháileadh deontais chaipitil le haghaidh tionscadail bhonneagar cultúir go suntasach ón mbliain 2008 i leith. Ina n-ainneoin sin, tá roinnt mórthionscadail chaipitil ann a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh orthu sna forais chultúir náisiúnta faoi láthair. Tá an mórthionscadal €30m+ sa Ghailearaí Náisiúnta ag druidim lena chéim dheiridh agus tá dhá thionscadal caipitil nua lena mbaineann athchóiriú Sheomraí Chaoimhín de Barra sa Cheoláras Náisiúnta agus athfhorbairt cheanncheathrú na Cartlainne Náisiúnta ar tí tosú mar chuid d'infheistíocht an Rialtais faoi Chlár Comóradh Céad Bliain Éire 2016.

Tá aghaidh le tabhairt fós ar dhúshláin shuntasacha i roinnt dár bpríomhfhórais chultúir náisiúnta, lena n-áirítear an tArd-Mhúsaem, an Leabharlann Náisiúnta agus Gailearaí Ealaíne Crawford. Teastaíonn infheistíocht ó fhórais chultúir eile freisin.

Is iomaí ionad cultúir, idir ionaid bheaga agus ionaid mhóra, a soláthraíonn an earnáil príobháideach iad freisin.

- C. Conas ba cheart éilimh ar infheistíocht phoiblí a chur in ord tosaíochta nó cad ar cheart tosaíocht a thabhairt dó?
- C. Ar cheart an díriú a aistriú ó dhíriú ar shaoráidí nua a thógáil chuig díriú ar chothabháil agus athinfheistíocht sa bhonneagar atá ann cheana?
- C. Conas ba cheart an costas airgeadais a roinnt idir foinsí poiblí agus foinsí príobháideacha?



## Tacú le healaíontóirí agus le hoibrithe cruthaitheachta

Rud lena mbaineann buntábhacht maidir le beartas cultúir ar bith is ea tacú le healaíontóirí agus le hoibrithe cruthaitheachta. Soláthraíonn an Chomhairle Ealaíon tacaíocht dhíreach agus indíreach d'ealaíontóirí trí sparánachtaí, trí dhámhachtainí, trí scéimeanna cónaitheachta agus trí choimisiúin agus trí mhaoiniú a thabhairt do raon leathan eagraíochtaí ealaíon freisin. Cuireadh Aosdána ar bun i 1981 chun onóir a thabhairt d'ealaíontóirí a ndearna a gcuid saothair rannchuidiú sármhaith leis na healaíona in Éirinn agus cuirtear stipinn ar fáil do roinnt comhaltaí den Aosdána ar bhonn tástáil acmhainne. Ar na tacaí eile Stáit d'ealaíontóirí tá díolúintí cánach i gcúinsí áirithe agus tacaí ó fhoinsí amhail Cultúr Éireann agus na húdaráis áitiúla.

In ainneoin na dtacaí atá ar fáil, tá fianaise ann a thugann le tuiscint nach leor an soláthar reatha chun ligean d'ealaíontóirí agus d'oibrithe cruthaitheachta san earnáil cultúir oibriú ar bhonn féinchothabhálach in Éirinn. Tuairiscíodh i [dtuarascáil](#) a choimisiúnaigh an Chomhairle Ealaíon anseo agus Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann in 2010 gurbh ionann an meánioncam ealaíontóirí in Éirinn in 2008 agus €14,676.

- C. An bhfuil na bearta reatha cuí agus imleor chun tacú le healaíontóirí agus le hoibrithe cruthaitheachta eile?
- C. Mura bhfuil, cé na bearta nua, nó cén t-athdhíriú ar bhearta reatha, a d'fhéadfaí a dhéanamh chun tacú le healaíontóirí agus le hoibrithe cruthaitheachta agus le hábhar cultúir a chruthú in Éirinn?

## An cur chun cinn agus an comhthéacs idirnáisiúnta (an tAontas Eorpach san áireamh)

Tá an cultúr an-tábhachtach le haghaidh íomhá na hÉireann i dtíortha thar lear a chur chun cinn agus turasóirí a mhealladh go hÉirinn. Laistigh den Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, is é Cultúr Éireann a chuireann an cultúr Éireannach chun cinn ar fud an domhain. Cruthaíonn agus cothaíonn sé deiseanna d'oirbrihe cruthaitheachta Éireannacha agus do chompántais Éireannacha a gcuid saothair a chur i láthair agus a chur chun cinn ag féilte agus ag ionaid tionóil straitéiseacha idirnáisiúnta. Forbraíonn sé ardáin ar ar féidir saothar Éireannach den scoth a chur i láthair lucht éisteachta/féachana idirnáisiúnta trí shárthaispeántais a eagrú ag príomhócáidí ealaíon domhanda, lena n-áirítear Féile Dhún Éideann agus Biennale na Veinése. Tugtar faoi thionscnaimh speisialta ó am go chéile amhail tionscnamh *Imagine Ireland* i Stáit Aontaithe Mheiriceá (2011) agus *Cultúr a Nascann*, arbh é an Clár Cultúir a bhí ceaptha chun Uachtaránacht na hÉireann ar an AE a chomórath (2013).

Tá ról ríthábhachtach ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála sa chultúr Éireannach a chur chun cinn i dtíortha thar lear freisin tríd an líonra Ambasáidí agus consal agus trí úsáid a bhaint as an gcultúr chun baint amach na dtionscnamh leathan beartais eachtraigh agus taidhleoireachta eacnamaíche a chur ar aghaidh. Tionscnaimh eile amhail *Inspiring Ireland*, ar tionscadal uailmhianach é arb é is aidhm dó íomhánna ardchaighdeáin de shócmhainní cultúrtha luachmhara na hÉireann a chomhroinnt ar shuíomh Gréasáin idirghníomhach aonair a ndéantar coimeád air, imríonn siad ról i gcultúr Éireannach a chur chun cinn thar lear freisin.

- C. An féidir linn níos mó a dhéanamh chun an leas is mó a bhaint as an méid a chuireann an cultúr lenár ngeilleagar agus le híomhá na hÉireann i dtíortha thar lear?
- C. An leor na meicníochtaí reatha atá ann le haghaidh an cultúr a úsáid chun íomhá na hÉireann a chur chun cinn i dtíortha thar lear nó an gá iad a athrú chun dáta?

## An ré dhigiteach agus an chruthaitheacht

De réir mar a théimid tuilleadh i dtreo sochaí eolasbhunaithe, méadaíonn an tábhacht a bhaineann leis an gcruthaitheacht agus leis an nuálaíocht. Anuas air sin, is féidir an cultúr a chruthú go digiteach agus is féidir le próisis chultúrtha bheith digiteach ó thús deireadh. Cuireann earnáil cultúir fhuinniúil leis an gcruthaitheacht mar bhealach chun foghlaim agus comhtháthú sóisialta a fhorbairt, cruthú fostaíochta a spreagadh agus rathúnas geilleagrach inbhuanaithe agus folláine agus sonas inbhuanaithe a chur chun cinn. Is féidir leis an gcruthaitheacht bunaithe ar chultúr tionchar dearfach a bheith aici ar an ngeilleagar agus ar fhorbairt shóisialta. I dtaighde a rinneadh ar son an Choimisiúin Eorpaigh in 2009 dar teideal ***The Impact of Culture on Creativity***, léiríodh go bhfuil tionchar tábhachtach ag an gcultúr maidir leis na nithe seo: spreagadh a thabhairt do dhaoine foghlaim, pobail a fhorbairt, táirgí nua agus seirbhísí nua a fhorbairt (seirbhísí poiblí san áireamh), an nuálaíocht teicneolaíochta a bhrú chun cinn, taighde a spreagadh, acmhainní daonna a bharrfheabhsú agus luachanna a bhrandáil agus a chur in iúl.

Trí fhorbairtí meara sa teicneolaíocht agus i modhanna nua cumarsáide, tá athrú tagtha ar an dóigh a gcruthaíonn daoine an cultúr, a bhfaigheann siad rochtain air agus a nglacann siad páirt ann. Tá sé sin fíor do dhaoine óga go háirithe. Tá feabhas curtha ag an teicneolaíocht ar rochtain ar an gcultúr agus is féidir le daoine anois ról i bhfad níos idirghníomhaí a bheith acu sa dóigh a nglacann siad páirt sa chultúr.

Cuireann an teicneolaíocht, mar shampla, deiseanna ar fáil don earnáil le rochtain a mhéadú don lucht féachana/éisteachta, tairgeann sí seirbhís níos fearr do chustaiméirí, feabhsaíonn sí rannpháirtíocht an lucht féachana/éisteachta agus cruthaíonn sí smaointe nuálacha. Is é an dúshlán ná a fháil amach conas na deiseanna sin a chur le chéile chun idirghníomhú le lucht féachana/éisteachta i bhfad níos mó ar bhealach suntasach sa tír seo agus i dtíortha thar lear agus aird á tabhairt ar shaincheisteanna amhail cóipcheart ag an am céanna.

- C. Cé na deiseanna don earnáil cultúir maidir leis an soláthar seirbhísí cultúir sa ré dhigiteach?
- C. Cé na dúshláin os comhair na hearnála cultúir sa ré dhigiteach seo?
- C. Cén cur chuige ba cheart d'Éirinn a ghlacadh maidir le saincheisteanna cóipchirt agus maoiné intleachtúla - agus an comhthéacs AE d'an-chuid den phlé sa réimse seo á thabhairt ar aird?

## Imeascadh sóisialta

Is féidir leis an soláthar deiseanna le haghaidh rannpháirtíocht níos leithne agus níos saibhre sa chultúr ról a imirt i ndul i ngleic leis an eisiámh sóisialta. Sa tuarascáil a d'fhoilsigh sé in 2014 ar *Utilising the Arts to Combat Disadvantage*, mhol an Comhchoiste Oireachtais um Chomhshaol, Cultúr agus Gaeltacht gur cheart na healaíona a aithint mar mhodh bunúsach chun dul i ngleic leis an eisiámh sóisialta agus chun an fholláine agus an cuimsiú grúpaí faoi mhíbhuntáiste a chur chun cinn i bpobail áitiúla agus ag leibhéal náisiúnta.

Sa tuarascáil *Public and the Arts* agus sa tuarascáil *Na hEalaíona i Saol na hÉireann*, ar fhoilsigh an Chomhairle Ealaíon an dá cheann acu in 2006 agus in 2014 faoi seach, deimhníodh an tábhacht leantach a bhaineann le hioncam, le hoideachas agus le haicme maidir le leibhéal rannpháirtíochta sna healaíona a dhéanamh amach.

I dTuarascáil 35 ón bhFóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach (Eanáir 2007) dar teideal *Na hEalaíona, Cuimsiú Cultúrtha agus Comhtháthú Sóisialta*, thángthas ar an gconclúid go '(m)bíonn éagsúlacht shonrach i rannpháirtíocht sna healaíona in Éirinn de réir roinnt tosca, go háirithe leibhéal oideachais, stádas socheacnamaíoch, limistéar agus aois. Baineann an éagsúlacht sin le raon bacainní amhail costais eacnamaíocha, easpa iompair, easpa litearthachta agus bacainní sóisialta agus síceolaíocha.'

- C. Conas is féidir linn rochtain ar an gcultúr a fheabhsú i limistéir ina bhfuil eisiámh sóisialta nó atá faoi mhíbhuntáiste?
- C. Conas is féidir an cultúr a úsáid chun bacainní eisiaimh nó míbhuntáiste a bhriseadh anuas?

## Éagsúlacht chultúrtha níos mó

Sna deich mbliana go dtí an bhliain 2011, bhí na glanrátaí imirce ba mhó ag Éirinn i measc 15 thír an AE. D'ardaigh an sciar de dhaoine a rugadh i dtíortha eachtracha a bhí ina gcónaí in Éirinn ó 6% i 1991 go níos mó ná 17% den daonra in 2011. Thug an t-athrú daonra sin tírdhreach cultúrtha éagsúil saibhir nua leis. In 2010, d'fhoilsigh an Chomhairle Ealaíon a beartas agus a straitéis um *Éagsúlacht Chultúrtha agus na hEalaíona*. Aithnítear sa bheartas sin an saibhriú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an earnáil cultúir in Éirinn trí chaidreamh idirchultúrtha, trí chomhionannas deiseanna, trí thuiscint, trí mheas agus trí chomhtháthú.

- C. Conas ba cheart aghaidh a thabhairt in *Cultúr 2025* ar na deiseanna agus na dúshláin a thugann an éagsúlacht chultúrtha nua sin in Éirinn?

## Daoine óga, daoine breacaosta agus daoine faoi mhíchumas

Aithnítear go leathan an luach a bhaineann leis an gcultúr a chur chun cinn do leanaí agus do dhaoine óga sa scoil agus lasmuigh di. Sa doiciméad dar teideal Cairt na nEalaíon san Oideachas a foilsíodh in 2013, leagtar amach na gealltanais a thug an tAire Oideachais agus Scileanna agus an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta do rochtain ar an gcultúr a mhéadú ach na healaíona a chur taobh le hábhair eile i gcoilár ár gcórais oideachais.

Ag an taobh eile de thimthriall na beatha, saincheist le hiniúchadh is ea rochtain ar an gcultúr do dhaoine breacaosta agus do dhaoine ar scor a chur chun cinn. Mar an gcéanna, caithfidh a bhreithniú cé acu is cuí nó nach cuí na bearta reatha le haghaidh rochtain ar an gcultúr agus ar na healaíona a chur chun cinn do dhaoine faoi mhíchumas. D'fhoilsigh an Chomhairle Ealaíon straitéis dar teideal Na hEalaíona agus Míchumas (2012-2016), chun aghaidh a thabhairt ar an réimse sin.

**C.** Ag tabhairt aird ar na tionscnaimh bheartais le déanaí sa réimse sin, conas ba cheart aghaidh a thabhairt in *Cultúr 2025* ar na saincheisteanna sin?

## An ceol, an cultúr agus an teanga

Cuid bhunúsach don fhéiniúlacht Éireannach agus dár n-áit ar domhan is ea an cultúr traidisiúnta, agus an ceol agus an damhsa go háirithe. Chomh maith leis sin, téann siad san iomaíocht go rathúil i ndomhan an-domhandaithe lán den ollsiamsaíocht agus de chultúr an phobail. Tá cáil ar an earnáil ceoil Éireannaigh chomhaimseartha ar fud an domhain freisin agus is iomaí ealaíontóir Éireannach óg atá le feiceáil ar an ardán domhanda ceoil.

Leanann an Ghaeltacht, croíthailte na Gaeilge, de bheith faoi bhrú ó fhórsaí eacnamaíocha agus ó chumhacht an Bhéarla. Ba go sonrath chun an Ghaeilge a chur chun cinn laistigh den Ghaeltacht agus lasmuigh di a glacadh leis an Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge ón Rialtas.

Tá Straitéis Ealaíon chomhtháite le haghaidh na Gaeltachta agus Ealaíona na Gaeilge á forbairt ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta i gcomhar le Foras na Gaeilge, le hÚdarás na Gaeltachta agus leis an gComhairle Ealaíon. Tá sé beartaithe í a fhoilsiú ar ball. Is é an cuspóir foriomlán ná a chinntiú go nglacfaidh na forais ábhartha cur chuige níos comhordaithe maidir le forbairt na Gaeltachta agus le hEalaíona na Gaeilge.

Tugann an Roinn tacaíocht do Ghníomhaireacht na hUltaise freisin, gníomhaireacht atá freagrach as feasacht mhéadaithe ar an Ultais agus ar Albainis Uladh agus ar shaincheisteanna cultúrtha a bhaineann leo, agus as úsáid mhéadaithe na hUltaise agus Albainis Uladh, a chur chun cinn i dTuaisceart Éireann agus ar fud oileán na hÉireann araon.

- C. Conas ba cheart aghaidh a thabhairt in *Cultúr 2025* ar shaincheisteanna a bhaineann le traidisiúin agus leis an teanga?
- C. Conas is féidir linn an earnáil ceoil, agus ceoltóirí atá ag teacht aníos go háirithe, a chur ar aghaidh agus a chur chun cinn ar bhealach níos fearr?

### Cultúr agus comóradh (1916 go bunú an Stáit)

Tá an cultúr ag imirt ról tábhachtach maidir le cabhrú linn na heachtraí clampracha a chonacthas céad bliain ó shin a léirmhíniú. Gné lárnach de Chlár Comóradh Céad Bliain Éire 2016 is ea machnamh náisiúnta agus athshamhlú náisiúnta araon. Mar gheall ar an ról a bhí ag an Athbheochan Cultúir sna heachtraí as ar bunaíodh an Stát, tá sé tábhachtach go dtapaítear in *Cultúr 2025* an deis seo freagairt don mhachnamh ar an náisiúntacht a thiocthadh as comóradh céad bliain Éirí Amach na Cásca.

- C. Conas ba chóir freagairt in *Cultúr 2025* do na saincheisteanna a thiocthadh chun cinn i nDeich mBliana na gCuimhneachán?
- C. Conas is féidir *Cultúr 2025* a úsáid chun cabhrú le hÉirinn a athshamhlú mar chuid de bhliain an chuimhneacháin in Éirinn sa bhliain 2016?

### Comhar Thuaidh/Theas

Na heachtraí polaitiúla a bhí taobh thiar de bhunú an Stáit, bhí siad taobh thiar de bhunú Thuaisceart Éireann mar Rialtas déabhlóidithe laistigh den Ríocht Aontaithe freisin. Tá caidreamh comhaontaithe nua ann ar oileán na hÉireann mar gheall ar an tsocraíocht reachtúil a d'éascair as Comhaontú Aoine an Chéasta. Dá bharr sin, tá naisc fhoirmiúla nua ann anois laistigh de ghluaiseachtaí náisiúnta ó thuaidh agus ó dheas, agus iad ag gabháil leis na naisc neamhfhoirmiúla a bhí ann roimhe seo.

- C. Cé na nithe eile is féidir a dhéanamh chun naisc Thuaidh/Theas a neartú ó thaobh cúrsaí cultúir de?

# Na Chéad Chéimeanna Eile

---

Thar an gcúpla mí atá le teacht, beidh próiseas grinnchomhairliúcháin ar *Cultúr 2025* ar siúl leis na geallsealbhóirí ábhartha uile san earnáil cultúir agus ar fud gach coda den tsochaí.

Beidh sé mar mhóraidhm le *Cultúr 2025* athneartú a dhéanamh ar an ról rithábhachtach a imríonn an cultúr sa tsochaí trí thacaíocht a thabhairt don earnáil cultúir agus trí na dálaí lena dtabharfar deis don earnáil forbairt agus teacht i dtreis ar fud gach réimse den tsochaí a leagan síos. Léireofar in *Cultúr 2025* gur tír ilchultúrtha nua-aimseartha í Éire. Beidh sé mar ábhar misnigh dúinn, beidh sé sorochtana agus ábhartha agus beidh sé éasca é a chur in iúl. Beidh *Cultúr 2025* ábhartha maidir le gach uile duine a chónaíonn in Éirinn.

Is é Grúpa Stiúrtha faoi chathaoirleacht na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a threoróidh an próiseas comhairliúcháin, rud a gheobhaidh tacaíocht ó Shainghrúpa a bheidh comhdhéanta de shaineolaithe ó réimsí éagsúla den earnáil ealaíon/cultúir. Is iad a bheidh páirteach sa phróiseas comhairliúcháin ná eagraíochtaí agus daoine aonair a bhfuil baint acu leis an earnáil, in éineacht leis an bpobal i gcoitinne. Samhlaítear go gcuirfear cruinnithe comhairliúcháin réigiúnacha ar siúl san fhómhar, mar aon le seimineár ‘oscailte’ lae i mBaile Átha Cliath.

Cuirfear an doiciméad beartais deiridh a eascróidh ón bpróiseas sin isteach lena fhorghnó agus an Rialtas. Samhlaítear go bhfoilseofar an beartas nua go luath sa bhliain 2016.

Cabhróidh do chuid tuairimí faoin bpáipéar sin le beartas 10 mbliana atá bunaithe ar ghníomh inbhraite a mhúnlú. Beidh sé mar aidhm leis an mbeartas a chinntiú go léireoidh ár dtionscail chultúir agus chruthaitheachta Éire an 21ú haois agus, ar an mbealach sin, go gcabhróidh sé leis an tír a beartas geilleagrach agus sóisialta a bhaint amach.

Tabhair cuairt ar an seoladh seo a leanas chun teacht ar an bplépháipéar ar an mBeartas Cultúir Náisiúnta:

<http://www.ahg.gov.ie/en/Culture/Culture2025>

Is féidir leat do chuid tuairimí a chur isteach i scríbhinn chuig an seoladh seo a leanas:

Cultúr 2025  
Aonad na bhForas Cultúir  
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta  
An Bóthar Nua  
Cill Airne  
Co. Chill Dara  
nó le ríomhphost chuig [culturalpolicy@ahg.gov.ie](mailto:culturalpolicy@ahg.gov.ie)

Iúil 2015

# Aguisín I: An comhthéacs stairiúil

---

Níl aon bheartas cultúir náisiúnta aonair ann ó bhunú an Stáit sa bhliain 1922.

I gcás luathbhlianta an Stáit, táthar den tuairim gur ghlac sé dearcadh coimeádach i leith léiriú cultúrtha. I gcásanna áirithe, bhí an dearcadh sin bunoscionn leis na foirmeacha nua a bhí ag gabháil le teacht an chineama agus leis na stíleanna nua ceoil agus litríochta a bhí á gcumadh ag an am sin. Rinneadh 2RN, an chéad stáisiún craolacháin riamh in Éirinn, a sheoladh thar ceann Raidió Éireann an 1 Eanáir 1926. Bheadh an stáisiún ina mheán cultúrtha cumhachtach ina dhiaidh sin. Ina ainneoin sin, lean an amharclannaíocht agus cineálacha eile ealaíne ar aghaidh le ról bríomhar a imirt, agus an chéad amharclann ‘náisiúnta’ ar domhan á bunú ag an Stát nua in Amharclann na Mainistreach. Cé nár ghlac an t-idéal cosantach a bhí i réim i luathbhlianta an Stáit go maith le tionchar seachtrach ná le cineálacha ealaíne a bhí ag teacht salach ar na noirm nua, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin nach raibh Éire, mar dhaonlathas, scoite riamh ó thionchar seachtrach ná ó bhlasanna idirnáisiúnta a leanúint ó thaobh an chineama, an cheoil agus treochtaí cultúrtha eile de. Cuireadh an Chomhairle Ealaíon ar bun faoi choimirce Roinn an Taoisigh sa bhliain 1952, agus é mar ról aici eolas, dea-mheas agus cleacht ar na healaíona a chur chun cinn. Agus an Chomhairle á cur ar bun aige, bhí an Rialtas ag an am ag tabhairt aitheantas don ghá a bhí ann le freastal ar fhorbairt chultúrtha. Leis an Acht Ealaíon, 1973, athbhreithníodh ról na Comhairle Ealaíon agus rinneadh foráil do ról a bheith á imirt ag an rialtas áitiúil sna healaíona – rud a gheobhadh tacaíocht ó líonra bríomhar oifigeach ealaíon áitiúil.

Le linn na tréimhse idir 1973 agus 2000, tháinig méadú ar an gcistiú a bhí ar fáil do ghníomhaíochtaí cultúrtha. A bhí le ballraíocht den AE, bhí deiseanna ann le haghaidh forbairt caipitil. Sa bhliain 1981, chuir an Chomhairle Ealaíon Aosdána ar bun chun onóir a thabhairt d’ealaíontóirí a ndearna a gcuid saothair rannchuidiú sármhaith maidir leis an earnáil cruthaitheachta in Éirinn agus chun baill a spreagadh agus cabhrú leo a gcuid dúthrachta a chaitheamh go hiomlán lena bhfoirm ealaíne ar leith. Cuireadh an Chomhairle Oidhreachta ar bun mar chomhlacht reachtúil sa bhliain 1995, agus é de shainchúram uirthi eolas agus dea-mheas ar an oidhrecht náisiúnta agus cosaint na hoidhreachta náisiúnta a chur chun cinn.

Cuireadh an Roinn Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta ar bun sa bhliain 1993, agus freagracht fhoriomlán uirthi as tacaí cultúir. Tá freagracht ar an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, mar atá inniu, as beartas i leith na n-ealaíon, an chultúir, na scannánaíochta agus an cheoil. Tá sí freagrach freisin as maoirseacht a dhéanamh ar fhorais chultúir náisiúnta na hÉireann, ar an oidhrecht thógtha agus nádúrtha, ar an nGaeilge, ar an nGaeltacht, ar na hoileáin agus ar ghnéithe a bhaineann le comhar Thuaidh/Theas.



Sa bhliain 2002, d'fhoilsigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán, mar a bhí ag an am, **Beartas an Rialtais ar Ailtireacht**, rud arbh é an chéad bheartas náisiúnta ina leith sin riamh. Foilsíodh beartas nuashonraithe sa bhliain 2009.

Cuireadh Cultúr Éireann ar bun sa bhliain 2005, agus aitheantas á thabhairt dá thábhachtaí atá sé tacú le healaíontóirí Éireannacha a gcuid saothair a chur i láthair ar bhonn domhanda. Feidhmíonn sé faoi láthair mar chláir tiomnaithe de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

## Aguisín II: Tacaíocht/maoiniú cultúir agus an cúlra reachtach

---

### **An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta**

Is ar an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta atá an fhreagracht fhoriomlán as beartas agus as struchtúir a cheapadh, a fhorbairt agus a mheas san earnáil cultúir.

Is é an sprioc atá ag an Roinn ó thaobh cultúir de 'láidreachtaí ealaíonta agus cruthaitheacha na hÉireann a chur chun cinn agus a fhorbairt sa tír seo agus thar lear agus an chuid is fearr a bhaint as an luach sochaíoch, geilleagrach agus clúimheasa a ghabhann leo don tír'.

Oibríonn an Roinn go dlúth leis an gComhairle Ealaíon, leis na Forais Chultúir Náisiúnta, le Bord Scannán na hÉireann agus le geallsealbhóirí eile chun a áirithiú go gcuirtear straitéisí atá cuí agus éifeachtach chun feidhme don earnáil cultúir.

Mar aon leis na ról éagsúla atá aici maidir le beartas, le cúrsaí rialála, le hoideachas agus le cur chun cinn, tagann feidhmeanna oidhreachta tógtha agus nádúrtha faoi shainchúram oidhreachta na Roinne freisin. Tagann an Chomhairle Oidhreachta faoi shainchúram na Roinne chomh maith.

## Forais Chultúir Náisiúnta

Tá ocht bhforas cultúir náisiúnta ann a thagann faoi choimirce na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, is iad sin: Cartlann Náisiúnta na hÉireann, an Ceoláras Náisiúnta, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Ard-Mhúsaem na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Gailearaí Ealaíne Crawford agus Gailearaí Náisiúnta na hÉireann. Faigheann an Chomhairle Ealaíon cistiú ón Roinn freisin. San am i láthair, cuireann an Chomhairle féin cistiú ar fáil d'Amharclann na Mainistreach, ar foras cultúir náisiúnta í chomh maith.

## Comhairle na bhForas Cultúir Náisiúnta

Aonán reachtúil a bunaíodh faoin Acht um Chiste Oidhreachta, 2001, is ea Comhairle na bhForas Cultúir Náisiúnta. Is é seo a leanas cuspóir na Comhairle:

- comhthiomsú thallann, thaithí agus fhís na Stiúrthóirí ar na Forais Chultúir Náisiúnta a éascú ar mhaithe leis an leas cultúir náisiúnta; agus
- moltaí a thabhairt don Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ar cheannacháin faoin gCiste Oidhreachta atá beartaithe ag cúig fhoras incháilithe, mar a fhoráiltear dóibh faoi alt 2 (1) den Acht um Chiste Oidhreachta, 2001.

Tá ballraíocht na Comhairle comhdhéanta de na Stiúrthóirí ar na Forais Chultúir Náisiúnta, de na Stiúrthóirí ar an gComhairle Ealaíon agus ar Amharclann na Mainistreach, agus de Phríomhfheidhmeannach na Comhairle Ealaíon.

## Cultúr Éireann

Tá freagracht ar Chultúr Éireann, a fheidhmíonn mar chlár tiomnaithe laistigh den Roinn, as na healaíona Éireannacha a chur chun cinn ar fud an domhain. Cruthaíonn agus cothaíonn sé deiseanna d'éalaíontóirí Éireannacha agus do chompántais Éireannacha a gcuid saothair a chur i láthair agus a chur chun cinn ag féilte agus ag ionaid tionóil straitéiseacha idirnáisiúnta. Forbraíonn sé ardáin ar ar féidir saothar Éireannach den scoth a chur i láthair lucht éisteachta/féachana idirnáisiúnta trí shárthaispeántais a eagrú ag príomhócáidí ealaíon domhanda, lena n-áirítear Féile Dhún Éideann, Biennale na Veinése agus tionscnaimh speisialta amhail *Imagine Ireland* sna Stáit Aontaithe (2011) agus *Cultúr a Nascann*, arbh é an Clár Cultúir a bhí ceaptha chun Uachtaránacht na hÉireann ar an AE a chomórath (2013).

## An Chomhairle Ealaíon

An ghníomhaireacht de chuid Rialtas na hÉireann atá freagrach as na healaíona a fhorbairt is ea an Chomhairle Ealaíon. Oibríonn sí i gcomhpháirt le healaíontóirí, le heagraíochtaí ealaíon, le húdaráis áitiúla, leis an lucht déanta beartas poiblí agus le daoine eile ar mhaithe leis na healaíona a chur i gcroilár shaol na hÉireann. Is iad seo a leanas feidhmeanna na Comhairle Ealaíon mar atá leagtha amach san Acht Ealaíon, 2003:

- suim an phobail sna healaíona a spreagadh;
- eolas, dea-mheas agus cleacht ar na healaíona a chur chun cinn;
- cabhrú le caighdeán na n-ealaíon a fheabhsú; agus
- comhairle a chur ar an Aire agus ar chomhlachtaí poiblí eile maidir leis na healaíona.

## The Heritage Council

The Heritage Council of Ireland is a statutory body established under the Heritage Act 1995. Its statutory functions are to propose policies for the identification, protection, preservation and enhancement of national heritage including monuments, archaeological objects, heritage objects, architectural heritage, flora, fauna, wildlife habitats, landscapes, seascapes, wrecks, geology, heritage gardens and parks and inland waterways.

The Heritage Council's mission is to engage, educate and advocate to develop a wider understanding of the vital contribution that our heritage makes to our social, environmental and economic wellbeing.

## Údarás na Gaeltachta

Established in 1980, Údarás na Gaeltachta is the regional authority responsible for the economic, social and cultural development of the Gaeltacht. The overall objective of Údarás na Gaeltachta is to ensure that Irish remains the main communal language of the Gaeltacht and is passed on to future generations.

Ealaín na Gaeltachta Teo is a joint venture between Údarás na Gaeltachta and the Arts Council, and promotes the development of the contemporary and traditional arts in the Gaeltacht. Through Ealaín na Gaeltachta, both organisations invest significant resources and collaborate on strategic planning which has, in turn, a positive impact on the quality and opportunity of arts experience within the Gaeltacht. Ealaín na Gaeltachta provides a number of grant schemes for arts organisations and individual artists, and also provides training and mentoring supports. In addition, it offers advisory services, as well as assisting and encouraging artists and arts organisations to develop arts projects and to further their careers.

## An Foras Teanga

An Foras Teanga is a North/South Implementation Body established under the Good Friday Agreement which comprises two agencies – Foras na Gaeilge, which is responsible for the promotion of the Irish language throughout the island of Ireland, and The Ulster-Scots Agency, which is responsible for promoting greater awareness and use of Ullans and of Ulster-Scots cultural issues, both within Northern Ireland and throughout the island of Ireland.

## Ranna Eile Rialtais

Tá roinnt Ranna Rialtais ann a imríonn tionchar ar an mbeartas cultúir. Is ar an Roinn Oideachais agus Scileanna atá an príomhfhreagracht as an oideachas ealaíon. Sa bhliain 2013, shínigh sí [Cairt na nEalaíon san Oideachas](#) leis an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta. Is ar an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil atá freagracht as an rialtas áitiúil, as forbairt pobail agus as na Seirbhísí Leabharlainne agus Cartlainne a oibriú. Is í an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála a chuireann an cultúr Éireannach chun cinn, go príomha trí ambasáidí na hÉireann agus trí chonsalachtaí na hÉireann thar lear agus i gcomhar le Cultúr Éireann, le comhlachtaí poiblí eile agus le daoine aonair. Is ar an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt atá freagracht as an mbeartas turasóireachta foriomlán. Is ar an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha atá freagracht as craoltóireacht agus as cumarsáid – dhá réimse atá an-tábhachtach don bheartas cultúir. Is tosca tábhachtacha iad na beartais fhioscacha agus gheilleagracha de chuid na Roinne Airgeadais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe freisin. Is ar an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta atá freagracht as cearta maoinne intleachtúla agus as roinnt de na tionscail chruthaitheachta.

## Gníomhaireachtaí Eile Stáit

Is ann do roinnt gníomhaireachtaí eile Stáit a n-imríonn a gcuid gníomhaíochtaí tionchar ar an mbeartas cultúir, lena n-áirítear RTÉ, Comhairle Deartha agus Cheardaíochta na hÉireann, Comhairle Spóirt na hÉireann agus Fáilte Éireann.

## An Rialtas Áitiúil

Faoin Acht Ealaíon 2003, ceanglaítear ar gach údarás áitiúil pleananna a ullmhú agus a chur chun feidhme chun na healaíona a fhorbairt laistigh dá limistéar feidhme, agus beartais Rialtais i leith na n-ealaíon á gcur san áireamh acu ag an am céanna. Oibríonn an Chomhairle Ealaíon i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus le comhlachtaí réigiúnacha eile i leith pearsanra ealaíon a cheapadh, i leith bonneagar ealaíon a fhorbairt agus cúrsaí pleanála agus i leith soláthar buiséadach. Tacaíonn an Chomhairle Ealaíon leis an gclár forbartha ealaíon de chuid na n-údarás áitiúil agus Ealaín na Gaeltachta. Is ise a chomhchistíonn tuarastal na n-oifigeach ealaíon freisin.

Is iad na príomhsheirbhísí cultúir eile a chuireann na húdaráis áitiúla ar fáil ná feidhmeanna oidhreacht agus an tSeirbhís Leabharlainne agus Cartlainne a oibriú.

Ina theannta sin, tá an iliomad aonán agus eagraíochtaí deonacha eile ann a bhfuil baint acu go léir leis an earnáil cultúir.

## Aguisín III: Reachtaíocht

---

Áirítear iad seo a leanas leis an bpríomhreachtaíocht a bhaineann leis an earnáil cultúir:

*Na hAchtanna um Bord Scannán na hÉireann, 1980-2011*

*An tAcht Craolacháin 2009*

*An tAcht Ealaíon 2003*

– *An tAcht Ealaíon, 1973*

– *An tAcht Ealaíon, 1951*

*Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003*

*An tAcht um Chiste Oidhreachta, 2001*

*An tAcht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997*

*An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997* (go háirithe ailt 195, 481, 848a, 1003)

*An tAcht Oidhreachta, 1995*

*An tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986*

Baineann an reachtaíocht ina lán réimsí eile le hábhar freisin, mar shampla, na hAchtanna Oideachais, an cód um Pleanáil agus Forbairt, Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, agus reachtaíocht a bhaineann leis an nGaeltacht.

# Aguisín IV: Collóiciam na nGeallsealbhóirí Cultúir

---

Bhí dréachtú an Phlépháipéir seo bunaithe ar ionchur ó chollóiciam geallsealbhóirí cultúir arna eagrú ag an Roinn i gcomhar le hAcadamh Ríoga na hÉireann an 25 Bealtaine 2015. Tá na comhaltaí den chollóiciam sin liostaithe thíos.

<b>Ainm</b>	<b>Post</b>
Feargal Ó Coigligh (Cathaoirleach)	Rúnaí Cúnta, an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta
Kevin Lonergan	Príomhoifigeach, an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta
An tOllamh Ciaran Benson	Ollamh Emeritus leis an tSíceolaíocht, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, iar-Chathaoirleach ar an gComhairle Ealaíon
An Dr Sandra Collins	Stór Digiteach na hÉireann, Stiúrthóir ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
Pat Cooke	Stiúrthóir ar an MA sa Bheartas Cultúir agus sa Bhainistíocht Ealaíon, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
An tOllamh Michael Cronin, MRIA	An tIonad um Aistriúchán agus Staidéar Téacsach, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
An tOllamh Mary Daly	Uachtarán, Acadamh Ríoga na hÉireann
Martin Drury	An Chomhairle Ealaíon
Sarah Glennie	Stiúrthóir ar Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Cathaoirleach ar Chomhairle na bhForas Cultúir Náisiúnta
Lorelei Harris	Ceann Straitéis Ealaíon agus Cultúir, RTÉ
Andrew Hetherington	Stiúrthóir, Business to Arts
Kerry McCall	Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta An Feachtas Náisiúnta ar son na nEalaíon
Mary McCarthy	Stiúrthóir ar an Monarcha Náisiúnta Dealbhóireachta, Corcaigh Cathaoirleach ar Chultúr Éireann, Comhalta Boird d'Áras Nua-Ealaíne na hÉireann
An tOllamh Declan McGonagle	Stiúrthóir, an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha
Helen Shenton	Leabharlannaí agus Cartlannaí Coláiste, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
An Dr Mary Shine Thompson	Léachtóir le Béarla, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus Cathaoirleach, Encountering the Arts, Éire
Willie White	Stiúrthóir Ealaíne, Féile Amharclannaíochta Bhaile Átha Cliath

